

CÉ MUID FÉIN?

www.oco.ie

Is oifig neamhspleách í Oifig an Ombudsman do Leanaí (OCO). Leagann dlí darbh ainm Acht an Ombudsman do Leanaí, 2002, amach cén cineál oibre ar ghá don Ombudsman do Leanaí a dhéanamh chun cearta agus leas an linbh a chur chun cinn.

De réir an dlí sin, tá sé den riachtanas go ndéanfadh an tOmbudsman do Leanaí:

- cearta agus leas an linbh a chur chun cinn;
- fiosrú céard iad na hábhair is cúram do leanaí agus daoine óga agus béim a chur ar na hábhair seo;
- taighde a dhéanamh ar chonas tuiscint níos fearr a fháil ar shaoilta leanaí agus daoine óga;
- comhairle a thabhairt don Rialtas chun a chinntiú go bhfuil dlíthe láidre ann do leanaí agus daoine óga; agus
- na gearáin a thagann isteach ó leanaí & daoine óga & daoine fásta eile thar a gcinn a iniúchadh.

Cheap an tUachtarán Mary McAleese Emily Logan mar an chéad Ombudsman do Leanaí in Éirinn i mí na Nollag 2003. I mí na Nollag 2009, athcheapadh Emily dá dara téarma.

I dteannta na foirne san OCO, tá sí ann chun a chinntiú go smaoiníonn an Rialtas go géar, agus daoine a dhéanann cinntí mar gheall ar leanaí agus daoine óga, ar chéard is fearr do leanaí agus do dhaoine óga.



ombudsman
do leanaí & do dhaoine óga

3 bhealaí le dul i dteagmháil leis an OCO:

1

Rphost oco@oco.ie

2

Scríobh chuig Oifig an Ombudsman do Leanaí, Millennium House, 52-56 Sráid na Trá Móire, Baile Átha Cliath 1

3

Guthán (01) 8656800

